www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2018

Centre Number

Candidate Number

# Irish

Unit 4: Reading
Higher Tier

**MV18**

**[GIR42]**

**THURSDAY 17 MAY, AFTERNOON**

## Time

50 minutes, plus your additional time allowance.

## Instructions to Candidates

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
**You must answer the questions in the spaces provided.**
**Do not write on blank pages.**
Complete in black ink only.
Answer **all nine** questions.

## Information for Candidates

The total mark for this paper is 40.
Figures in brackets printed at the end of each question indicate the marks awarded to each question or part question.
Use of a dictionary is **not** permitted.

www.xtrapapers.com

**1** Léigh an t-eolas thíos.

Cuir an litir cheart i ngach bosca leis an abairt a chríochnú.
[1 mark for each]

**(a)** Seinnim ar an fhidil agus tá mé iontach maith ar an fheadóg mhór agus mar sin … ☐

**(b)** Is maith liom bheith ag obair le daoine óga agus mar sin … ☐

**(c)** Ba mhaith liom bheith ag obair le daoine atá tinn agus mar sin … ☐

**(d)** Is breá liom bheith ag obair taobh amuigh le hainmhithe agus mar sin … ☐

| | |
|---|---|
| **A** | … ba mhaith liom bheith i mo mhúinteoir. |
| **B** | … ba mhaith liom bheith i mo cheoltóir. |
| **C** | … ba mhaith liom bheith i mo pheileadóir. |
| **D** | … ba mhaith liom bheith i mo dhochtúir. |
| **E** | … ba mhaith liom bheith i m'fheirmeoir. |

www.xtrapapers.com

**2** Léigh an fógra agus amharc ar na pictiúir.

**IS FEARR AN tSLÁINTE NÁ NA TÁINTE!**

Bí cúramach faoi do shláinte féin.

**A**



**B**



**C**



**D**



**E**



Cuir an litir cheart i ngach bosca. [1 mark for each]

- Ól líotar uisce gach lá. ☐
- Siúil nó rith amuigh faoin aer trí huaire sa tseachtain. ☐
- Bíodh ocht n-uaire codlata agat gach oíche. ☐
- Ith glasraí agus torthaí úra chomh minic agus is féidir. ☐

www.xtrapapers.com

**3** Léigh an ríomhphost thíos.

| | |
|---|---|
| **Ó** | seamas123@outlook.com |
| **Chuig** | marcasoneill@c2kni.net |
| **Dáta** | An Mháirt 04/03/18 |
| **Am** | 11:15 AM |

A Mharcais, a chara

Ní bheidh mé ar scoil inniu. D'imigh an bus orm i ndiaidh na scoile inné agus bhí orm siúl abhaile. Thosaigh sé ag cur fearthainne go trom agus ní raibh mo chóta liom. Sílim go bhfuil slaghdán orm mar tá pian i mo sceadamán agus ní thig liom labhairt!

D'fhág mé mo leabhar nótaí Béarla ar scoil agus tá sé de dhíth orm leis an aiste a chríochnú. An féidir leat an leabhar a fháil dom, le do thoil?

Tá rudaí leadránach anseo sa teach inniu. Níl rud ar bith maith ar an teilifís agus níl airgead ar mo ghuthán póca. Tar ar cuairt i ndiaidh na scoile má bhíonn an t-am agat.

Tá súil agam go mbeidh mé ar ais ar scoil roimh dheireadh na seachtaine.

Slán go fóill

Séamas

www.xtrapapers.com

Críochnaigh na habairtí.

Bain úsáid as na focail sa bhosca thíos.
[1 mark for each]

| | | |
|---|---|---|
| **dubh dóite** | **amárach** | **go breá** |
| **obair bhaile** | **tinn** | **peil** |
| **Dé hAoine** | **sásta** | **scrúdú** |

**(a)** Níl Séamas ar scoil inniu mar tá sé

______________________________ .

**(b)** Ba mhaith le Séamas a leabhar nótaí a fháil már tá

______________________________ le déanamh aige.

**(c)** Tá Séamas ______________________________ sa teach

mar níl rud ar bith le déanamh aige.

**(d)** Ba mhaith le Séamas bheith ar ais ar scoil

______________________________ .

www.xtrapapers.com

**4** Léigh an fógra thíos.

**An bhfuil tú thar 16 bliana d'aois?**
**An bhfuil tú maith ag obair le daoine eile?**
**Ar mhaith leat post páirtaimseartha?**

**Tá ollmhargadh úr le hoscailt ar an bhaile mhór i Mí Mheán Fómhair agus tá daoine óga de dhíth orainn.**

**Na poist:**

- Beidh daoine de dhíth don tsiopa, don stáisiún peitril agus don bhácús.
- Beidh daoine de dhíth i rith an lae, san oíche agus ag an deireadh seachtaine.
- Beidh traenáil agus éide oibre ar fáil do gach post.

**An Tuarastal:**

- Ocht bpunt agus caoga pingin in aghaidh na huaire do dhaoine idir 16 agus 18 mbliana d'aois.
- Naoi bpunt in aghaidh na huaire do dhaoine thar 18 mbliana d'aois.
- Beidh lacáiste **5%** ann do gach duine a bheidh ag obair sa tsiopa.

**De dhíth:**

- Taithí ar bheith ag obair le daoine eile.
- Scileanna maithe cumarsáide.
- Ábalta bheith ag obair óna deich a chlog san oíche go dtí a sé a chlog ar maidin.

Má tá suim agat i bpost san ollmhargadh nua, cuir do CV chuig ollmhargadh@siopa.ie

**Dáta deiridh d'iarratais: 31 Iúil 2018**

www.xtrapapers.com

Cuir tic (✓) le **ceithre** ráiteas atá fíor. [4 marks]

**(a)** Tá poist ar fáil san ollmhargadh úr do dhaoine faoi 16 bliana d'aois. ☐

**(b)** Beidh ollmhargadh úr ar an bhaile mhór i Mí Mheán Fómhair. ☐

**(c)** Ní chuirfidh an t-ollmhargadh traenáil ar fáil. ☐

**(d)** Tá an ráta pá céanna ann do gach duine. ☐

**(e)** Beidh lacáiste ar fáil sa tsiopa do na daoine a fhaigheann post. ☐

**(f)** Caithfidh na daoine a bheith maith ag obair mar chuid d'fhoireann. ☐

**(g)** Beidh daoine ag obair go mall san oíche sna poist seo. ☐

**(h)** Ní chuirfidh an t-ollmhargadh éide oibre ar fáil. ☐

**(i)** Is féidir CV a chur isteach i Mí Lúnasa 2018. ☐

www.xtrapapers.com

**5** Léigh an fógra thíos.

## Ar Díol

**Rothar sléibhe**
Sé mhí d'aois. Bronntanas Nollag a bhí ann ach tá sé róbheag dom.
Bheadh an rothar fóirsteanach do bhuachaill atá idir ceithre bliana déag agus sé bliana déag d'aois.



Is féidir an rothar a fheiceáil sa phictiúr thuas nó cuairt a thabhairt ar mo theach ag an deireadh seachtaine.
Praghas: £250 + clogad saor in aisce.
Cuir scairt orm má tá suim agat sa rothar.
**Colm Ó Dónaill: (028) 9542 2293**

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(a) (i)** Tá Colm ag iarraidh rothar a cheannach. ☐

**(ii)** Tá Colm ag iarraidh rothar a dhíol. ☐

**(iii)** Tá Colm ag iarraidh rothar a aimsiú. ☐

www.xtrapapers.com

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(b) (i)** Tá Colm rómhór anois don rothar. ☐

**(ii)** Tá Colm róbheag anois don rothar. ☐

**(iii)** Tá Colm ró-óg anois don rothar. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(c) (i)** Bheadh an rothar seo fóirsteanach do bhuachaill atá 12 bhliain d'aois. ☐

**(ii)** Bheadh an rothar seo fóirsteanach do dhuine óg atá 13 bliana d'aois. ☐

**(iii)** Bheadh an rothar seo fóirsteanach do bhuachaill atá 15 bliana d'aois. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(d) (i)** Tá clogad san áireamh sa phraghas. ☐


**(ii)** Tá praghas breise ar an chlogad. ☐

**(iii)** Ní fhaigheann tú clogad leis an rothar. ☐

www.xtrapapers.com

**6** Léigh na torthaí ó shuirbhé faoin dóigh a gcaitheann déagóirí an deireadh seachtaine.

**Seo mar a chaitheann déagóirí an deireadh seachtaine**



www.xtrapapers.com

Cuir an litir cheart i ngach bosca leis an abairt a chríochnú.
[1 mark for each]

**(a)** Is maith le cúig déag faoin chéad de dhéagóirí … ☐

**(b)** Tugann deich faoin chéad de dhéagóirí … ☐

**(c)** Déanann seacht faoin chéad de dhéagóirí … ☐

**(d)** Is maith leis an chuid is lú de dhéagóirí … ☐

**A** … obair taobh amuigh.

**B** … gan mórán a dhéanamh ag an deireadh seachtaine.

**C** … cuairt ar a seanathair nó ar a seanmháthair.

**D** … ag déanamh obair scoile.

**E** … dul chuig an phictiúrlann.

www.xtrapapers.com

**7** Read the email below.

| | |
|---|---|
| **Ó** | diarmuidoraghallaigh@gmail.com |
| **Chuig** | tomasomurchu@outlook.com |

A Thomáis, a chara,

Seo mé sa Ghaeltacht. Tháinig mé anseo seachtain go leith ó shin agus tá rudaí ag dul go maith. Níor tháinig mo chara Mícheál ar an chúrsa mar bhris sé a mhéar nuair a bhí sé ag imirt cispheile.

Tá mé ag stopadh le seachtar buachaillí ó Dhoire agus triúr eile ó Ard Mhacha. Tá gach duine cairdiúil. Tá an teach iontach deas ar fad. Tá sé cois locha agus tá bean an tí deas cineálta.

Tá na ranganna ar maidin iontach maith. Tá mé san ardrang agus tá feabhas ag teacht ar mo chuid Gaeilge gach lá. Tá súil agam go bhfaighidh mé Fáinne Óir ag deireadh an chúrsa.

Tá mo thuismitheoirí ag teacht chugam ar cuairt ag an deireadh seachtaine. Ní thig liom fanacht mar níl éadaí ar bith fágtha agam atá glan!

Feicfidh mé ag deireadh na míosa thú.

Do chara,

Diarmuid

www.xtrapapers.com

Answer the following questions **in English**.
[1 mark for each]

**(a)** What did Mícheál break?

______________________________________________

**(b)** Where is Diarmuid's house situated?

______________________________________________

**(c)** What does Diarmuid hope to achieve at the end of the course?

______________________________________________

**(d)** What is Diarmuid looking forward to getting from his parents at the weekend?

______________________________________________

www.xtrapapers.com

**8** Read the newspaper article below.

Bhuaigh Ardscoil Naomh Treasa in Inis Ceithleann duais mhór airgid an tseachtain seo caite. Bronnadh **£**5,000 ar ghrúpa daltaí atá sa Chlub Ghlas as an obair a rinne siad leis an timpeallacht a chaomhnú sa scoil agus sa cheantar áitiúil.

Chuir siad tús le feachtas athchúrsála sa scoil agus gach am lóin thóg na daltaí bruscar ón chlós súgartha. Chomh maith leis sin, chuidigh siad leis an chomhairle áitiúil na sráideanna thart ar an scoil a choinneáil glan.

Tá sé ar intinn ag an ghrúpa daltaí crainn a chur thart ar pháirc peile na scoile agus cosc ar bhuidéil phlaisteacha a iarraidh.

Dúirt príomhoide na scoile, Bean Mhic Cana, go raibh sí iontach bródúil as na scoláirí agus go molann sí a gcuid iarrachtaí go hard.

Answer the following questions **in English**.
[1 mark for each]

**(a)** Which group in the school was awarded **£**5,000?

______________________________________________

**(b)** Mention **one** practical effort the group has already made to achieve its aims.

______________________________________________

www.xtrapapers.com

**(c)** Mention **one** future plan the group has.

**(d)** How does the school principal feel about what the group has done?

www.xtrapapers.com

**9** Read the magazine article below.

Is maith linn go mór a bheith ag éisteacht le ceol ar na cluasáin bheaga a thagann leis an ghuthán póca, go háirithe nuair a bhímid ag taisteal, nó nuair a bhímid ag déanamh staidéir.

De réir staitisticí a foilsíodh le déanaí, éisteann 57**%** de dhaoine idir 16 agus 24 bliana d'aois le ceol ar na cluasáin bheaga gach lá agus bíonn an ceol ag an leibhéal is airde ag níos mó ná 30**%** acu, rud a chuireann iontas ar dhaoine.

Is scoláire GCSE é Liam Mac Gabhann, atá ina chónaí i nDún Geanainn. Mhothaigh Liam go raibh fadhbanna lena chumas éisteachta nuair a bhí sé trí bliana déag. Bhí sé de nós ag Liam éisteacht le ceol ag an leibhéal is airde an t-am ar fad. Dúirt dochtúir Liam go bhfuil dochar déanta aige agus go bhfuil a chumas éisteachta anois cosúil leis an chumas a bheadh ag seanduine!



Molann dochtúirí nach n-éisteann an duine óg le ceol ard ar na cluasáin ar feadh níos mó ná uair an chloig sa lá.

www.xtrapapers.com

Answer the following questions **in English**.
[2 marks for each]

**(a)** Give **two** examples of when people like to listen to music on their headphones.

**(b)** According to statistics, what is surprising about the way more than 30% of young people listen to music on their headphones?

**(c)** What did the doctor tell Liam about his hearing? Make **two** points.

**(d)** According to doctors, what is the maximum length of time that young people can safely listen to loud music?

**THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

**DO NOT WRITE ON THIS PAGE**

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| Question Number | Marks |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| Total Marks | |

Examiner Number

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.